Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10583 – CPP INVESTMENTS / VOTORANTIM / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 134/13)

1. An 17 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CPP Investments (Ceanada),

— Votorantim S.A. ("Votorantim", an Bhrasaíl),

— an Comhfhiontar ("JV", an Bhrasaíl).

Gheobhaidh CPP Investments agus Votorantim rialú comhpháirteach ar an JV nua-chruthaithe de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is eagraíocht bainistithe infheistíochta é CPP Investments a infheistíonn cistí Canada Pension Plan Fund,

— Tá Votorantim gníomhach i gcodanna éagsúla gnó, lena n-áirítear stroighin agus coincréit, mianadóireacht agus miotalóireacht, sú oráiste dlúth, margaí speisialtachta ceimiceacha, giniúint leictreachais agus an earnáil airgeadais.

3. Déanfaidh an JV infheistíocht i (a) dtionscadail inathnuaite úrnua agus i (b) ndeiseanna nua don fhuinneamh inathnuaite agus/nó déanfaidh sé iad a fhorbairt, agus beidh sé gníomhach go heisiach sa Bhrasaíl.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10583 – CPP INVESTMENTS / VOTORANTIM / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË